Imdhíonadh

BCG

10 go 14 bliain d'aois

Irish translation of *BCG immunisation for ages 10 to 14*

Imdhíonadh
cosain do shláinte ar feadh do shaoil

An vacsaín BCG mar chosaint ar an eitinn

An vacsaín BCG

Déanann an bhileog an vacsaín BCG a mhíniú agus na fáthanna go bhfuil sé de dhith ort.

BCG cad é?

BCG an t-ainm atá ar an vacsaín a thugann cosaint duit ar an eitinn (nó TB mar a thugtar uirthi de ghnách). Seasann na litreacha BCG do Bacillus Calmette-Guérin, a bhfuil ainm an duine a d'fhorbair an vacsaín leis. Tá leagan an-lag den fhrídín is cúis leis an eitinn sa BCG. Ní thugann an vacsaín eitinn don duine ach spreagann sé an corp leis an imdhíonacht a fhorbairt sa dóigh is go dtig leis cur i gcoinne na haicíde.

Bíonn éifeacht 70-80% i gcoinne na heitinne ag an BCG nuair a thugtar do pháistí scoile é, agus maireann an chosaint 15 bliain ar a laghad.

Eitinn cad é?

Is ionfhabhtú an eitinn a théann i bhfeidhm ar na scámhóga de ghnáth, ach is féidir leis gabháil i bhfeidhm ar bhaill eile den chorp, na cnámha nó an inchinn, mar shampla. Is é eitinn sna scámhóga an saghas TB is coitianta sa Ríocht Aontaithe.

Cén uair a thugtar an BCG?

Is gnách go dtugtar an BCG don leanbh sa scoil agus é idir 10 agus 14 bliain déag.

Seans fosta go molfar an BCG do pháistí a thagann ó thíortha a bhfuil an eitinn go forleathan iontu. Thiocfadh dó go dtabharfaí an t-imdhíonadh dóibh ar theacht chun na tíre seo dóibh nó tráth na mbreithe i gcás leanbhán a bheirtear anseo.

B'fhéidir go molfaí an vacsaín BCG do pháistí a raibh dlúthbhaint acu le cás togálach eitinne, ag brath ar chúinsí áirithe an cháis.

Cad é mar a thógann tú an eitinn?

Tógann tú an eitinn ó dhuine a bhfuil an galar air cheana féin - den chuid is mó ó dhuine éigin a bhfuil an ionfhabhtú sna scámhóga air is a bhíonn ag casacht. Tairgíonn an chasacht miondheora séile a bhfuil frídíní iontu ar féidir leo a bheith san aer go ceann i bhfad. Má dhéanann tú na frídíní a ionanálú is féidir leo an t-ionfhabhtú a chruthú.

An bhfaigheann mórán daoine an eitinn?

Ní fhaigheann ach líon beag daoine i dTuaisceart Éireann eitinn na laetha seo - rinneadh tuairisc ar 50 cás sa bhliain 2000. Is beag a líon ó tharla:

- go bhfuil caighdeán maith maireachtála againn don chuid is mó;
- gur féidir linn cóir leighis a chur ar dhaoine a bhfuil an aicid orthu go gasta;
- go bhfuil leibhéal ard imdhíonta ann.

Ar fud an domhain is airde i bhfad líon na ndaoine a thógann agus a fhaigheann bás den eitinn agus tá sé ag méadú go gasta i gcuid mhór tíortha.

Cad é mar a théann an eitinn i bhfeidhm ort?

Is gnách go dtosaíonn an TB le láthair bheag athlasta i scámhóg amháin. Téann an láthair athlasta i méid ansin agus mura gcuirtear bac leis in am leathnaíonn sé amach chuig an scámhóg eile. Ar na siomptóim gur feidir a bheith ag an duine ansin tá:

- casacht a théann ar aghaidh ar feadh seachtainí;
- fiabhras;
- ag cur allais, san oíche ach go háirithe;
- cailliúint meácháin;
- ag brath tuirseach;
- ag caitheamh amach fola.

In amanna is féidir leis an TB an duine a mharú mura gcuirtear cóir leighis air in am. Ach is annamh go bhfaigheann an t-othar bás mar go bhfuil na drugaí atá in úsáid in éadán na heitinne thar a bheith éifeachtach.

Cad é mar a throideann an corp an eitinn?

Má thógann tú an eitinn, ní mór do do chorp na frídíní a aithint mar namhaid. Tosóidh córas imdhíonachta an choirp ar antashubstaintí a chruthú a dhéanfaidh ionsaí ar na frídíní agus a chuirfidh troid ar an aicíd. Má bhíonn an vacsaín BCG agat fágann sé go bhfuil do chorp réidh le dul chun troda i gcoinne na haicíde.

An bhfuil fáthanna ar bith ann nár chóir dom an t-imdhíonadh BCG a fháil?

Is beag ar fad na fáthanna nach dtabharfaí an t-imdhíonadh BCG duit. Ba chóir duit eolas a chur ar an dochtúir nó ar an bhanaltra scoile s'agat má:

- tá teocht an-ard nó fiabhras ort;
- bhain aon imdhíonadh fhrithghníomh trom asat;
- bhí ailléirge throm agat do aon rud;
- bhí neamhord fuilithe agat;
- bhí aon chóireáil le haghaidh ailse agat;
- tá aon ghalar ort a théann i bhfeidhm ar an chóras imdhíonachta (mar shampla leoicéime, VEID nó SEIF);
- tá míocháine ar bith a ghlacadh agat a imríonn tionchar ar an chóras imdhíonachta (mar shampla stéaróidí ard-dáileoige nó cóireáil a thugtar tar éis trasphlandáil orgáin nó le haghaidh ailse);
- tá tú ag iompar clainne;
- má bhí fiabhras faireogach nó aon ionfhabhtú víreasach eile ort ar na mallaibh;
- tá aon ghalar tromchúiseach eile ort.

Ní gá go gciallaíonn na cásanna seo i gcónaí nach féidir imdhíonadh a thabhairt duit ach is cuidiú é leis an dochtúir nó leis an bhanaltra an t-eolas agus iad ag roghnú na saghasanna imdhíonta is fearr a oireann duit agus más cóir dóibh aon chomhairle eile a thabhairt duit. Ní cúis í in am ar bith stair tinnis an teaghlaigh gan imdhíonadh a thabhairt duit.

An tástáil tiúibeircline nó Heaf

Sula dtugtar an instealladh BCG duit, déanfar tástáil chraicinn ort le feiceáil an bhfuil imdhíonacht agat ar an eitinn cheana féin. Ag an tástáil seo cuirtear méid beag tuaslagáin ar do rí agus brúfar feiste aon úsáide sochaite a bhfuil sé mhionsnathaid air ar do chraiceann ar bharr an tuaslagáin. Thart fá sheachtain ina dhiaidh sin déanfaidh an dochtúir nó an bhanaltra láthair na tástála a scrúdú leis an imoibriú a mheas.

Ag brath ar mhéid an imoibrithe, déanfaidh siad cinneadh cé acu an bhfuil imdhíonacht agat i gcoinne na heitinne nó an amhlaidh go bhfuil an t-instealladh BCG de dhíth ort.

Má tharla go raibh imoibriú agat imíodh sé i gceann tamaill ach seans go bhfágfar thú le mioncholm. Má bhí imoibriú an-láidir agat seans go mbeidh x-ghá cliabhraigh de dhíth ort.

Beidh roinnt daoine ann ar tugadh an vacsaín BCG dóibh go gairid i ndiaidh a mbreithe. Más amhlaidh go raibh instealladh BCG agat cheana féin, ní ghnách go mbeadh ceann eile de dhíth ort.

Cad é a tharlaíonn i ndiaidh an imdhíonta?

Is gnách go dtabharfar an vacsaín duit mar instealladh sa chuid uachtar den sciathán clé s'agat. Taobh istigh de dhá go sé seachtaine ón instealladh tiocfaidh spota beag agus d'fhéadfaidh sé a bheith pianmhar go ceann cúpla lá. Is dócha go bhfágfar thú le mioncholm.

Más troime an imoibriú, nó i gcás na ionfhabhtaithe seans go mbeidh antaibheathaigh de dhíth ort mar chóir leighis. Tá lánchead agat folcadh nó cith a bheith agat mar is gnáth nó gabháil ar snámh i ndiaidh duit an t-instealladh a fháil. Tiocfaidh biseach ar an chuid nimhneach de réir a chéile, mura gcuireann tú clúdach air ach go háirithe. Is fearr é a fhágáil gan clúdach ach más gá duit é a chlúdach le plastar uiscedhíonach, ná fág ort é níos faide ná uair nó dhó. Má dhéanann tú é a chlúdach ar feadh tréimhse níos faide thiocfadh dó gur mó i bhfad a bheas an colm a thiocfaidh ort.

An mbíonn fo-éifeachtaí ar bíth leis?

Tarlaíonn mionfho-éifeachtaí corruair. Ina measc seans go mbeidh:

- at nó othrasú ag láthair an insteallta;
- at na bhfaireog san ascaill;
- agus corruair, tinneas cinn, fiabhras agus mearbhall.

Cuimhnigh, tá an chosaint simplí ach tógann sé tamall fada - is minic go mbíonn thart fá 6 mí i gceist leis an eitinn a chóireáil.

Gnáthchlár imdhíontha na hóige

Aois le haghaidh imdhíontha	Na haicídí a dtugann an vacsaín cosaint orthu	Mar a thugtar é
2, 3 agus 4 mí d'aois	Diftéire, teiteanas, pertussis (triuch), polaimiailíteas agus Hib Meiningíteas C	Instealladh amháin Instealladh amháin
Thart fá 15 mí d'aois	Bruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg	Instealladh amháin
3 go 5 bliain d'aois	Diftéire, teiteanas, pertussis (triuch) agus polaimiailíteas Bruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg	Instealladh amháin Instealladh amháin
10 go 14 bliain d'aois (agus in amanna go gairid i ndiaidh na breithe)	Eitinn (vacsaín BCG)	Tástáil craicinn, agus instealladh amháin, más gá
14 go 18 bliain d'aois	Teiteanas, diftéire agus polaimiaiíteas	Instealladh amháin

Más amhlaidh nach bhfuair tú riamh aon cheann de na vacsaíní seo níl sé rómhall in am ar bith iad a fháil, labhair le do dhochtúir nó le banaltra na scoile.

Má tá a thuilleadh eolais uait maidir leis an imdhíonadh tabhair cuairt ar shuíomh an DHSSPS www.dhsspsni.gov.uk/phealth nó an suíomh náisiúnta imdhíonta www.immunisation.nhs.uk

Health Promotion Agency

Department of Health, Social Services and Public Safety
www.dhsspsni.gov.uk

Produced by the Health Promotion Agency for Northern Ireland on behalf of the Department of Health, Social Services and Public Safety and the four Health and Social Services Boards. Crown Copyright material reproduced with the permission of the Controller of HMSO and the Queen's Printer for Scotland.

01/05